Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2017(INI)

4.3.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin (2025/2017(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Andreas Schieder

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 9

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 10

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar Thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin (2025/2017(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile[1],

– ag féachaint d'iarratas na hAlbáine an 24 Aibreán 2009 ar bhallraíocht san Aontas,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú[3],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal *Enhancing the accession process – A credible EU perspective for the Western Balkans* [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte an Aontais do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal *2023 Communication on EU Enlargement Policy* [Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas um Méadú an Aontais] (COM(2023)0690), lena ngabhann an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Albania 2023 Report* [Tuarascáil 2023 ar an Albáin] (SWD(2020)0690),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal 'Plean fáis nua do na Balcáin Thiar' (COM(2023)0691),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Márta 2024 maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (COM(2024)0146),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal 'Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta' (COM(2024)0800), lena ngabhann an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *2024 Rule of Law Report – Country Chapter on the rule of law situation in Albania* [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta – Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta san Albáin] (SWD(2024)0828),

[1] IO L 107, 28.4.2009, lch. 166, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2009/332/oj.
[2] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj.
[3] IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 dar teideal ‘Teachtaireacht 2024 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú’ (COM(2024)0690), lena ngabhann an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Albania 2024 Report* [Tuarascáil 2024 ar an Albáin] (SWD(2020)0690),

– ag féachaint do Chlár Oibre Athchóirithe na hAlbáine a tíolacadh faoi Shaoráid Athchóirithe agus Fáis de chuid an Aontais, arna fhormheas ag an gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2024,

– ag féachaint do thuarascáil chríochnaitheach an 29 Meán Fómhair 2023 ó Mhisean Breathnóireachta Toghcháin de chuid na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) maidir le toghcháin áitiúla na hAlbáine a reáchtáladh an 14 Bealtaine 2023,

– ag féachaint do Thuairim Chomhpháirteach ó Choimisiún na Veinéise agus ó ESCE/ODIHR an 11 Nollaig 2020 maidir le leasuithe an 30 Iúil 2020 ar bhunreacht na hAlbáine agus leasuithe an 5 Deireadh Fómhair 2020 ar an gcód toghcháin,

– ag féachaint do na dearbhuithe ó na Cruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a tionóladh sa Bhruiséil an 13 Nollaig 2023 agus an 18 Nollaig 2024,

– ag féachaint do Phróiseas Bheirlín, a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint do rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Albáin,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí gurb é an méadú ionstraim beartais eachtraigh an Aontais is éifeachtaí agus gurb ionann é agus infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin fhadtéarmach, sa daonlathas, sa chobhsaíocht agus sa tslándáil ar fud na mór-roinne;

B. de bhrí gur próiseas atá bunaithe ar fhiúntas é an méadú atá bunaithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha;

C. de bhrí go bhfuil an Albáin ina tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas ó 2014 i leith, gur chuir sí tús le caibidlíocht aontachais i mí Iúil 2022 agus gur éirigh léi an próiseas scagtha a thabhairt chun críche i mí na Samhna 2023;

D. de bhrí gur chuir an Albáin tús leis an gcaibidlíocht maidir le ‘Cnuasach 1: Bunphrionsabail’ an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus maidir le ‘Cnuasach 6: Caidreamh Seachtrach’ an 17 Nollaig 2024;

E. de bhrí gur comhpháirtí iontaofa beartais eachtraigh í an Albáin agus go bhfuil sí ailínithe go hiomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais;

1. á chur in iúl gur geal léi tiomantas buanseasmhach na hAlbáine do lánpháirtiú san Aontas, lena léirítear comhdhearcadh i measc páirtithe polaitiúla agus an tacaíocht

ollmhór i measc na saoránach, agus ag moladh a hailínithe chomhsheasmhaigh iomláin le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais agus cur chun cinn an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe;

2. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian na hAlbáine an chaibidlíocht aontachais a dhúnadh faoi dheireadh 2027 agus an dul chun cinn tapa atá déanta le blianta beaga anuas, go háirithe oscailt dhá chnuasach de chaibidlí caibidlíochta in 2024;

3. ag tabhairt dá haire go gcinntear luas aontachas an Aontais leis an dul chun cinn atá déanta ag an tír is iarrthóir maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais, lena cuntas teiste maidir lena chur chun feidhme agus le feidhmiú cuí institiúidí uile na tíre, agus go bhfuil sé bunaithe ar an smacht reachta, ar an dea-rialachas agus ar chearta bunúsacha; ag tathant ar an Albáin dlús a chur le hathchóirithe chun an smacht reachta a neartú, chun an t-éilliú agus an choireacht eagraithe a chomhrac, agus chun cosaint na gceart bunúsach a áirithiú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh;

4. á chur in iúl gur geal léi Saoráid Athchóirithe agus Fáis nua an Aontais le haghaidh na mBalcán Thiar, lena gcuirfear EUR 922 mhilliún i ndeontais agus in iasachtaí ar fáil don Albáin nuair a chomhlíonfaidh sí na coinníollacha a leagtar amach ina Clár Oibre uaillmhianach don Athchóiriú;

5. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Albáin an Plean Náisiúnta um Lánpháirtiú Eorpach 2024-2026; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí níos mó chun trédhearcacht a mhéadú agus chun páirt a ghlacadh i gcumarsáid phoiblí maidir le lánpháirtiú an Aontais;

Institiúidí daonlathacha, na meáin agus an tsochaí shibhialta

6. á áitiú a thábhachtaí atá díospóireacht pholaitiúil chuiditheach agus iompar parlaiminteach ordúil mar phríomhghnéithe den rialachas daonlathach; á athdhearbhú go bhfuil freagracht chomhpháirteach ar fhórsaí polaitiúla na hAlbáine idirphlé polaitiúil cuiditheach agus cuimsitheach a neartú agus an deighilt pholaitiúil leanúnach sa tír a shárú; ag cur béim ar an ngá atá le formhaoirseacht pharlaiminteach níos éifeachtaí, feidhmiú feabhsaithe na n-institiúidí agus rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta;

7. ag cur sonrú i leasuithe mhí Iúil 2024 ar chód toghcháin na hAlbáine, lena gcumasaítear vótáil lasmuigh den tír ag diaspóra na hAlbáine agus lena dtugtar isteach liostaí iarrthóirí atá oscailte i bpáirt; á áitiú gur gá aghaidh a thabhairt ar na moltaí ó ESCE/ODIHR agus ó Choimisiún na Veinéise atá fós gan réiteach agus iad a chur chun feidhme;

8. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tionchar fós ar neamhspleáchas agus iolrachas na meán ag comhdhlúthacht ard margaidh, ag forluí leasanna gnó agus polaitiúla, ag easpa trédhearcachta maidir le cistiú agus úinéireacht, ag imeaglú agus ag dálaí oibre forbhásacha d'iriseoirí;

9. á mheabhrú gur cheart go mbeadh aon athbhreithniú ar dhlíthe na meán i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise agus gur cheart go ndéanfaí é ar bhealach trédhearcach agus cuimsitheach; ag tabhairt dá haire nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir leis an gcreat reachtach a ailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin an Aontais, lena n-

áirítear an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán[4]; á mheabhrú gur gá iriseoireacht iniúchach, seiceáil fíricí agus litearthacht sna meáin a neartú chun dul i ngleic leis an bhfuathchaint, leis an mbréagaisnéis agus leis an mbréagnuacht;

10. ag meabhrú fhreagracht na n-údarás náisiúnta agus áitiúil feabhas a chur ar an trédhearcacht, ar an gcuntasacht agus ar an gcuimsitheacht trí chomhairliúcháin phoiblí fhóinteacha agus rialta a reáchtáil leis na geallsealbhóirí; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil do chomhairliúcháin phoiblí ag Parlaimint na hAlbáine fós foirmiúil den chuid is mó;

Cearta bunúsacha

11. ag tabhairt dá haire nach bhfuil creat dlíthiúil na hAlbáine maidir le foréigean inscnebhunaithe ailínithe go hiomlán le Coinbhinsiún Iostanbúl go fóill; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil foréigean in aghaidh na mban fós ina shaincheist phráinneach, agus go bhfuil líon na bhfeimeamharuithe fós ard; ag tathant go bhfeabhsófaí seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, go háirithe cúram sláinte, cistiú dídine, cúnamh dlíthiúil saor in aisce, agus athimeascadh agus athshlánú íospartach;

12. á chur in iúl gur cúis bhuartha di easnaimh leanúnacha, amhail neamhailíniú nó ailíniú páirteach le *acquis* an Aontais, maidir le daoine faoi mhíchumas agus comhionannas inscne;

13. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an dlí maidir le cosaint sonraí pearsanta, arb é is aidhm dó ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais, ach á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di láimhseáil sonraí pearsanta agus laigí i gcórais TF; á iarraidh ar údaráis na hAlbáine coimircí i gcoinne sáruithe i ndáil le sonraí a neartú;

An smacht reachta

14. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir leis na hathchóirithe ceartais a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin, a tugadh chun críche ag an gcéad chéim; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, an cur isteach polaitiúil leanúnach agus an brú leanúnach ar an gcóras breithiúnach;

15. á chur i bhfios go láidir go bhfuil príomhobair á déanamh ag Struchtúr Speisialaithe um Chomhrac an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe (SPAK) chun cuntas teiste a fhorbairt maidir le cásanna éillithe ardleibhéil a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a chiontú; ag tabhairt rabhadh nach mbainfí an bonn d'obair institiúidí neamhspleácha amhail SPAK;

16. ag cur sonrú sna dúshláin a bhaineann le cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais ceartais, lena n-áirítear líon ard na bhfolúntas breithiúnach, foireann chúirte neamhleor, cáilíocht na hoiliúna breithiúnaí tosaigh agus leanúnaí, comhsheasmhacht an chásdlí agus easpa córas comhtháite bainistithe cásanna nua-aimseartha; ag tabhairt dá haire

[4] Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj).

nach leor leithdháiltí buiséid, go háirithe do chomhpháirt na cúirte;

17. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh reachtaíocht náisiúnta chun ailíniú le *acquis* an Aontais maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac; ag tabhairt dá haire gur gá oifig láidir um aisghabháil sócmhainní a bhunú agus feabhas a chur ar ghrinnfhiosrúchán, imscrúdú, ionchúiseamh agus ciontú cásanna éillithe ardleibhéil, lena n-áirítear trí shócmhainní coiriúla a urghabháil agus a choigistiú go críochnaitheach;

18. á iarraidh ar an Albáin leanúint dá creat dlíthiúil a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe; ag tabhairt dá haire gur ceapadh ionchúisitheoirí breise chuig an Oifig Ionchúisimh Speisialta chomh maith le haonad imscrúdaithe airgeadais a bhunú; ag moladh rannpháirtíocht na hAlbáine in oibríochtaí comhpháirteacha agus i gcomhar faoin Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) agus le INTERPOL maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac;

Athchóirithe socheacnamaíocha

19. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na hAlbáine i gcur chun feidhme Phlean Fáis an Aontais do na Balcáin Thiar, lena gcuimsítear comhtháthú mhargadh aonair an Aontais, comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach, athchóirithe bunúsacha agus tacaíocht airgeadais mhéadaithe;

20. ag moladh d'údaráis na hAlbáine baol na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta a laghdú trí rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte a fheabhsú, go háirithe do phobail atá faoi mhíbhuntáiste; á iarraidh go gcuirfí chun feidhme Straitéis Náisiúnta na hAlbáine um Chosaint Shóisialta 2024-2030 agus a Straitéis Náisiúnta um Fhostaíocht agus Scileanna 2023-2030;

21. á chur in iúl gur geal léi go ndeachaigh an Albáin isteach sa Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro i mí na Samhna 2024, rud a laghdaíonn na costais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus a rannchuideoidh le comhtháthú breise na hAlbáine sa mhargadh aonair;

An comhshaol, fuinneamh agus iompar, turasóireacht inbhuanaithe

22. á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun go ndéanfaidh an Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir leis an gcomhshaol; á iarraidh go ndéanfaí í a ailíniú le treoracha an Aontais maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol[5] agus maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil[6];

23. á mheabhrú go bhfuil gá le hiarrachtaí suntasacha ón Albáin chun na spriocanna a bhaineann le cosaint aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh, éagsúlú agus glasú an tsoláthair fuinnimh agus an iompair, cáilíocht an aeir agus an uisce agus bainistiú dramhaíola a

[5] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1 , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).
[6] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj).

bhaint amach;

24. á chreidiúint go láidir nach mór cosaint an chomhshaoil agus forbairt na turasóireachta inbhuanaithe a bheith fite fuaite lena chéile; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh Páirc Náisiúnta Abhainn Fhiáin Vjosa agus á iarraidh go leithdháilfí acmhainní leordhóthanacha chun í a chosaint;

Comhar réigiúnach agus an beartas eachtrach

25. á chur in iúl gur geal léi an Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta idir an tAontas agus an Albáin, a glacadh an 19 Samhain 2024, lena mbunaítear ardán le haghaidh idirphlé agus comhar feabhsaithe maidir le saincheisteanna slándála agus cosanta agus ar céim shuntasach chun cinn í;

26. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí leanúnacha Rialtas na hAlbáine dea-chaidreamh comharsanachta a chur chun cinn;

°

° °

27. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Phoblacht na hAlbáine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is í seo an chéad tuarascáil sa téarma parlaiminteach seo ar dhul chun cinn na hAlbáine mar thír is iarrthóir ar an Aontas Eorpach. Ós rud é gurbh ann do thoghcháin an Aontais in 2024, cuimsíonn an rún seo freagairt Pharlaimint na hEorpa ar thuarascálacha an Choimisiúin maidir le méadú ó 2023 agus 2024 araon.

Déantar meastóireacht sa tuarascáil ar staid na himeartha agus ar na forbairtí is déanaí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le teacht isteach san Aontas.

Tar éis an phróisis scagtha rathúil, chuir an Albáin tús leis an gcaibidlíocht maidir le cnuasach ‘na mBunphrionsabal’ i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus maidir leis an gcnuasach caidrimh sheachtraigh i mí na Nollag 2024.

Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn na hAlbáine maidir lena hinstitiúidí daonlathacha, saoirse na meán, rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, cearta bunúsacha, an smacht reachta, athchóirithe socheacnamaíocha, an comhshaol, an comhar réigiúnach agus an beartas eachtrach.

In ainneoin roinnt dul chun cinn, tá roinnt dúshlán fós roimh an Albáin amhail deighilt pholaitiúil inmheánach a shárú, an smacht reachta a neartú agus athchóirithe frithéillithe a chomhdhlúthú.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
Directorate-General for Enlargement and Eastern Neighbourhood (DG ENEST), European Commission
European External Action Service
Delegation of the European Union to Albania

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.